C/2024/496

23.1.2024

P9_TA(2023)0221

Cúnamh macrairgeadais a sholáthar don Mhacadóin Thuaidh

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meitheamh 2023 ar thogra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cúnamh macrairgeadais a chur ar fáil do Phoblacht na Macadóine Thuaidh (COM(2023)0074 – C9-0015/2023 – 2023/0034(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(C/2024/496)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0074),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 212 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa (C9-0015/2023),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle ina litir an 31 Bealtaine 2023 go ndéanfaí seasamh na Parlaiminte a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don litir ón gCoiste um Buiséid,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0203/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chun na Comhairle, chun an Choimisiúin, na bparlaimintí náisiúnta agus rialtas agus parlaimint Phoblacht na Macadóine Thuaidh.

P9_TC1-COD(2023)0034

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 13 Meitheamh 2023 chun go nglacfaí Cinneadh (AE) 2023/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht na Macadóine Thuaidh

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2023/1461.)
